



---

*Uimhir 20 de 1993*

---

**An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993**  
*[An tiontú oifigiúil]*

---





---

*Uimhir 20 de 1993*

---

**AN tACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (CIONTA  
GNÉASACHA), 1993**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**RIAR NA nALT**

Alt

1. Léiriú.
2. Deireadh a chur leis an gcion is bugaireacht idir daoine.
3. Bugaireacht ar dhaoine faoi bhun 17 mbliana d'aois.
4. Ró-mhígeanas le fireannaigh faoi bhun 17 mbliana d'aois.
5. Daoine ar a bhfuil mallachar meabhrach a chosaint.
6. Sireadh nó tathant chun cion gnéasach a dhéanamh.
7. Sireadh nó tathant chun críocha striapachais.
8. Síománaíocht chun críocha striapachais.
9. Striapachas a eagrú.
10. Maireachtáil ar thuilleamh ó striapachas.
11. Drúthlann a choimeád.
12. Leasú ar alt 19 d'Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935  
(Drúthlanna do chuardach).
13. Cumhachtaí gabhála.
14. Aisghairm.
15. Gearrtheideal agus comhlua.

**AN SCEIDEAL**

**NA tACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR**

---

[Uimh. 20.]      *An tAcht um an Dlí Coiriúil*      [1993.]  
(*Cionta Gnéasacha*), 1993.

NA HÁCHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

<i>Criminal Law Amendment Act</i> , 1885	48 & 49 Vict., c. 69
<i>Criminal Law Amendment Act</i> , 1912	2 & 3 Geo. 5, c. 20
Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935	1935, Uimh. 6
Achtanna Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1885 go 1935	
<i>Dublin Police Act</i> , 1842	5 & 6 Vict. c. 24
<i>Offences against the Person Act</i> , 1861	24 & 25 Vict., c. 100
<i>Towns Improvement (Ireland) Act</i> , 1854	17 & 18 Vict., c. 103
<i>Town Police Clauses Act</i> , 1847	10 & 11 Vict., c. 89
<i>Vagrancy Act</i> , 1898	61 & 62 Vict., c. 39



---

*Uimhir 20 de 1993*

---

**AN tACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (CIONTA  
GNÉASACHA), 1993**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO LEASÚ AN DLÍ I nDÁIL LE CIONTA GNÉASACHA AGUS  
CHUN NA CRÍCHE SIN DO LEASÚ AN *OFFENCES AGAINST  
THE PERSON ACT*, 1861, I nDÁIL LE BUGAIREACHT; DO LEASÚ  
ACHTANNA LEASUITHE AN DLÍ CHOIRIÚLA, 1885 GO 1935;  
D’AISGHAIRM AN *VAGRANCY ACT*, 1898, AGUS FORÁLACHA  
ÁIRITHE D’ACHTACHÁIN ÁIRITHE EILE A BHAINNEANN  
LE CIONTA GNÉASACHA AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I  
dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA.

*[7 Iúil 1993]*

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—(1)** San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “mótarfheithicil” feithicil inneallghluaiste atá beartaithe nó  
oiriúnaithe lena húsáid ar bhóithre;

ciallaíonn “áit phoiblí” aon áit ar a bhfuil rochtain ag an bpobal, cibé acu  
de cheart nó le cead é agus cibé acu faoi réir muirir nó saor ó mhuirear é;

folaíonn “sireadh nó tathant” sireadh nó tathant a dhéanamh ó  
mhótarfheithicil nó i mótarfheithicil, agus forléireofar focail ghaolmhara  
dá réir sin;

folaíonn “sráid” aon bhóthar, droichead, lána, cosán, fobhealach, cearnóg,  
cúirt, caolsráid nó pasáiste, cibé acu is bealach poiblí é nó í nó nach ea,  
atá ar oscailt de thuras na huaire don phobal; agus maidir leis na doirse, na  
bealaí isteach agus na gairdíní atá teagmhálach le sráid, agus maidir le haon  
talamh nó carrchlós atá tadhach le sráid agus oscailte do shráid, measfar  
gur cuid de shráid iad.

(2) San Acht seo, déanann duine sireadh nó tathant chun críocha  
striapachais i gcás go ndéanfaidh an duine—

(a) a sheirbhísí nó a seirbhísí mar striapach a thairiscint do dhuine  
eile,

(b) sireadh nó tathant ar dhuine eile chun seirbhísí an duine eile sin  
mar striapach a fháil, nó

(c) sireadh nó tathant ar dhuine eile thar ceann duine chun críocha striapachais.

(3) San Acht seo, forléireofar tagairtí do lánúnas collaí mar thagairtí d'fhios collaí mar a mhínítear sin in alt 63 den *Offences against the Person Act*, 1861.

(4) San Acht seo agus in aon achtachán eile, cibé acu roimh an Acht seo nó dá éis a ritheadh é, aon tagairt do striapach, folaíonn sí tagairt do dhuine fireann atá ina striapach agus forléireofar tagairt do striapachas dá réir sin.

(5) San Acht seo, aon tagairt d'fho-alt, is tagairt í don fho-alt den fhoráil ina bhfuil an tagairt mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe.

Deireadh a chur leis an gcion is bugaireacht idir daoine.

2.—Faoi réir *ailt* 3 agus 5 den Acht seo, cuirtear deireadh leis seo le haon riail dlí ar cion dá bua bugaireacht idir daoine.

Bugaireacht ar dhaoine faoi bhun 17 mbliana d'aois.

3.—Aon duine a dhéanfaidh gníomh bugaireachta, nó iarracht ar é a dhéanamh, le duine atá faoi bhun 17 mbliana d'aois (seachas duine lena bhfuil sé pósta nó a greideann sé le cúis réasúnach go bhfuil sé pósta léi), beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú ar díotáil—

(a) i gcás gnímh bugaireachta le duine atá faoi bhun 15 bliana d'aois, príosúnacht saoil a chur air,

(b) i gcás iarracht ar ghníomh bugaireachta a dhéanamh le duine atá faoi bhun 15 bliana d'aois, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur air i gcás an chéad chiontaithe, agus i gcás an dara ciontú nó aon chiontaithe dá éis sin, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana a chur air,

(c) i gcás gnímh bugaireachta le duine atá 15 bliana d'aois nó os a chionn agus faoi bhun 17 mbliana d'aois, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur air, i gcás an chéad chiontaithe, agus i gcás an dara ciontú nó aon chiontaithe dá éis sin, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana a chur air, agus

(d) i gcás iarracht ar ghníomh bugaireachta a dhéanamh le duine atá 15 bliana d'aois nó os a chionn agus faoi bhun 17 mbliana d'aois, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain a chur air i gcás an chéad chiontaithe, agus i gcás an dara ciontú nó aon chiontaithe dá éis sin, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur air,

Ró-mhígheanas le fireannaigh faoi bhun 17 mbliana d'aois.

4.—Aon duine fireann a dhéanfaidh gníomh ró-mhígheanais, nó iarracht ar é a dhéanamh, le duine fireann eile atá faoi bhun 17 mbliana d'aois, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú ar díotáil, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain a chur air.

Daoine ar a bhfuil mallachar meabhrach a chosaint.

5.—(1) Aon duine—

(a) a dhéanfaidh lánúnas collaí nó iarracht ar é a dhéanamh, nó

(b) a dhéanfaidh gníomh bugaireachta nó iarracht ar é a dhéanamh,

le duine ar a bhfuil mallachar meabhrach (seachas duine lena bhfuil sé pósta nó a gcreideann sé le cúis réasúnach go bhfuil sé pósta léi), beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú ar díotáil—

- (i) i gcás lánúnas collaí a dhéanamh nó gníomh bugaireachta a dhéanamh, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana a chur air, agus
- (ii) i gcás iarracht ar lánúnas collaí a dhéanamh nó iarracht ar ghníomh bugaireachta a dhéanamh, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana a chur air i gcás an chéad chiontaithe, agus i gcás an dara ciontú nó aon chiontaithe dá éis sin, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur air.

(2) Aon duine fireann a dhéanfaidh gníomh ró-mhíghéanais, nó iarracht ar é a dhéanamh, le duine fireann eile ar a bhfuil mallachar meabhrach, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú ar díotáil, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain a chur air.

(3) In aon imeachtaí faoin alt seo, is cosaint é don chúisí a shuíomh nárbh eol dó, tráth déanta an chiona líomhnaithe, agus nach raibh aon chúis drochamhrais aige go raibh mallachar meabhrach ar an duine ar ina leith a chúisítear é.

(4) Is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí amháin a thionscnóidh, nó is lena thoilíú amháin a thionscnófar, imeachtaí in aghaidh duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo.

(5) San alt seo, ciallaíonn “mallachar meabhrach” go bhfuil neamhord intinne ar dhuine, cibé acu mar gheall ar ainionnas meabhrach nó tinneas meabhrach, ar de chineál nó de mhéid é a fhágann nach bhfuil ar chumas duine maireachtáil go neamhspleách nó leorchúram a ghlacadh in aghaidh teacht i dtír tromchúiseach.

6.—Aon duine a dhéanfaidh sireadh nó tathant ar dhuine eile chun gníomh a dhéanamh ar chion é faoi *alt 3, 4* nó *5* den Acht seo nó faoi alt 1 d’Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air.

Sireadh nó tathant chun cion gnéasach a dhéanamh.

7.—Aon duine a dhéanfaidh, ar shráid nó in áit phoiblí, sireadh nó tathant ar dhuine eile nó ar dhaoine eile chun críocha striapachais, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná—

Sireadh nó tathant chun críocha striapachais.

- (a) £250 a chur air, i gcás an chéad chiontaithe,
- (b) £500 a chur air, i gcás an dara ciontú, nó
- (c) £500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 4 seachtaine nó iad araon, a chur air, i gcás an tríú ciontú nó aon chiontaithe dá éis sin.

8.—(1) Aon chomhalta den Gharda Síochána a mbeidh cúis réasúnach aige le drochamhras a bheith aige go bhfuil duine ag síománaíocht ar shráid nó in áit phoiblí d’fhonn sireadh nó tathant ar dhuine eile nó ar dhaoine eile chun críocha striapachais, féadfaidh sé a ordú don duine sin imeacht láithreach ón tsráid sin nó ón áit phoiblí sin.

Síománaíocht chun críocha striapachais.

(2) Aon duine a mhainneoidh gan cúis réasúnach ordachán faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná—

- (a) £250 a chur air, i gcás an chéad chiontaithe,
- (b) £500 a chur air, i gcás an dara ciontú, nó
- (c) £500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 4 seachtaine nó iad araon, a chur air, i gcás an tríú ciontú, nó aon chiontaithe dá éis sin.

(3) San alt seo, folaíonn “síománaíocht” síománaíocht i mótarfheithicil.

Striapachas a eagrú.

9.—Aon duine a dhéanann le haghaidh luaíochta—

- (a) gníomhaíochtaí striapaí i leith striapachais a rialú nó a stiúradh,
- (b) striapachas a eagrú trí ghníomhaíochtaí níos mó ná striapach amháin a rialú nó a stiúradh chun na críche sin, nó
- (c) iallach a chur ar dhuine, nó duine a chomhéigniú, chun bheith ina striapach, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear—
  - (i) ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air, nó
  - (ii) ar é a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £10,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air.

Maireachtáil ar thuilleamh ó striapachas.

10.—(1) Aon duine a mhaireann go feasach, go hiomlán nó go páirteach, ar thuilleamh ó striapachas duine eile agus a chabhraíonn agus a neartaíonn leis an striapachas sin, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

(2) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche ar fhaisnéis faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná sáirsint go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil aon áitreabh nó aon chuid d’áitreabh á úsáid nó á húsáid ag duine chun críocha striapachais, agus go bhfuil aon duine a bhfuil cónaí air san áitreabh nó i gcuid den áitreabh, nó a thaithíonn an t-áitreabh nó cuid den áitreabh, ag maireachtáil, go hiomlán nó go páirteach, ar thuilleamh ó striapachas duine eile, féadfaidh sé barántas a eisiúint faoina láimh á údarú d’aon chomhalta den Gharda Síochána, agus comhaltaí eile den Gharda Síochána ina theannta, dul isteach, le forneart más gá, aon tráth nó tráthanna laistigh de mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar amhlaidh é, san áitreabh agus é a chuardach agus an duine sin a ghabháil.

(3) Aon duine a chuirfidh bac nó treampán ar chomhalta den Gharda Síochána a bheidh ag gníomhú faoi údarás barántais faoi *fho-alt (2)*, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

Drúthlann a choimeád.

11.—Aon duine—



- (a) a dhéanfaidh drúthlann a choimeád nó a bhainistiú nó a ghníomhóidh nó a chabhróidh i mbainistiú drúthlainne,
- (b) is tionónta, léasaí, áititheoir nó duine i bhfeighil áitribh, agus a cheadóidh go feasach an t-áitreabh sin nó aon chuid de a úsáid mar dhrúthlann nó chun críocha striapachais rialta, nó
- (c) is léasóir nó is tiarna talún ar aon áitreabh nó is gníomhaire don léasóir sin nó don tiarna talún sin, agus a dhéanfaidh an t-áitreabh sin nó aon chuid de a ligean ar cíós nuair is eol dó an t-áitreabh sin nó cuid éigin de a bheith le húsáid mar dhrúthlann, nó a bheidh páirteach go toiliúil i leanúint den áitreabh sin nó d'aon chuid de a úsáid mar dhrúthlann,

beidh sé ciontach i gcion agus dlífear—

- (i) ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air, nó
- (ii) ar é a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £10,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air.

**12.**—Leasaítear leis seo alt 19 d'Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935—

Leasú ar alt 19 d'Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935 (drúthlanna do chuardach).

- (a) trí “sáirsint” a chur in ionad “cigire” gach áit a bhfuil sé, agus
- (b) trí “£500” a chur in ionad “cúig púint” i bhfo-alt (4).

**13.**—(1) Má tá drochamhras le réasún ag comhalta den Gharda Síochána go ndearna duine cion faoi *alt 4, 6, 7, 8 (2) nó 10 (3)* den Acht seo, féadfaidh sé—

Cumhachtaí gabhála.

- (a) an duine sin a ghabháil gan bharántas, nó
- (b) a cheangal air a ainm agus a sheoladh a thabhairt dó agus, má mhainníonn an duine, nó má dhiúltaíonn sé, déanamh amhlaidh nó má thugann sé ainm nó seoladh a bhfuil drochamhras le réasún ag an gcomhalta é a bheith bréagach nó míthreorach, féadfaidh an comhalta an duine sin a ghabháil gan bharántas.

(2) Aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltaídh a ainm nó a sheoladh a thabhairt nuair a cheanglófar sin air faoi *fo-alt (1)*, nó a thabharfaidh ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £500 a chur air.

**14.**—Déantar leis seo na hachtacháin a shonraítear i *gcolún (2)* den Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a aisghairm a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* den Sceideal sin.

Aisghairm.

**15.**—(1) Féadfar an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal agus comhlua.

(2) Féadfar na hAchtanna um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1885 go 1993 a ghairm d'Achtanna Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1885 go 1935, agus den Acht seo le chéile.

Alt 14.

## AN SCEIDEAL

## NA hACHTACHÁIN A AISGHAI RTEAR

Seisiún agus Caibidil nó Bliain agus Uimhir (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
5 & 6 Vict., c. 24	Dublin Police Act, 1842	Mír 11 d'alt 14.
10 & 11 Vict., c. 89	Town Police Clauses Act, 1847	In alt 28, na focail "Every common Prostitute or Nightwalker loitering and importuning Passengers for the Purpose of Prostitution:".
17 & 18 Vict., c. 103	Towns Improvement (Ireland) Act, 1854	In alt 72, na focail "Every common Prostitute or Nightwalker loitering and importuning Passengers for the Purpose of Prostitution, or being otherwise offensive, shall be liable to a fine not exceeding Forty Shillings:".
24 & 25 Vict., c. 100	Offences against the Person Act, 1861	Ailt 61 agus 62 (ach amháin a mhéid a bhaineann siad le bugaireacht nó le hiarracht ar bhugaireacht le hainmhithe).
48 & 49 Vict., c. 69	Criminal Law Amendment Act, 1885	Alt 11.
61 & 62 Vict., c. 39	Vagrancy Act, 1898	An tAcht iomlán.
2 & 3 Geo. 5, c. 20	Criminal Law Amendment Act, 1912	Ailt 3 agus 7.
1935, Uimh. 6	Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935	Ailt 4, 13 agus 16.



---

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR  
Le ceannach díreach ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.  
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE  
To be purchased from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS,  
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.  
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
or through any bookseller.

€1.27

ISBN 978-1-4468-6663-4



9 781446 866634